

**Scéim An Fhorais Riaracháin
2007 □ 2010
Faoi Alt 11
Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003**

Clár ábhair	Lch.
Caibidil 1. Réamhléiriú / Cúlra	1
1.1 Treoirlínte um Réiteach Scéime	1
1.2 A bhfuil sa Scéim Teanga	1
1.3 Dáta Tosaithe na Scéime	2
1.4 Léargas Ginearálta ar An Foras Riaracháin	2
1.5 Custaiméirí agus Cliaint	7
1.6 Measúnú ar líon na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana	7
Caibidil 2. Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí de chuid an Fhorais	9
2.1 Modhanna cumarsáide leis an bpobal	9
2.2 Suíomh gréasáin	10
2.3 Fograí ó bhéal agus cuairteoirí go dtí an Foras	10
Caibidil 3. Achoimre ar na Seirbhísí/Gníomhaíochtaí ar fáil ó na Ranna	11
3.1 Réamhléiriú	11
3.2 Roinn an Oideachais	11
3.3 Roinn Taighde	11
3.4 Roinn Oiliúna	12
3.5 Roinn Foilseachán agus Caidreamh Corparáideach	12
3.6 Roinn Airgeadais agus Córas Eolais	12
3.7 An tAonad Acmhainní Daonna	12
3.8 An tIonad um Thaighde Tithíochta	12
3.9 Achoimre ar an bPlean um Chur i bhFeidhm na Scéime	13
Caibidil 4. Feabhsú Seirbhísí	14
4.1 Feabhsú ar Sheirbhísí Tacaíochta	14
4.2 Earcaíocht	14
4.3 Oiliúint agus Forbairt Foirne	14
Caibidil 5. Monatóireacht agus Athmheas	15
Caibidil 6. Déanamh Poiblíochta ar an Scéim Aontaithe	15

Caibidil 1

Réamhléiriú / Cúlra

Ba iad An Foras Riaracháin a rinne an scéim seo a chur le chéile faoi *Alt 11* de Acht na dTeangacha Oifigiúla (An tAcht anseo ina dhiaidh seo) Baineann *Alt 11* le hullmhú scéime reachtúla maidir leis an soláthar seirbhísí a chuirfidh comhlachtaí poiblí ar fáil;

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus a gcuirfear i bhfeidhm le go gcinnteofar go mbeidh aon seirbhís nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge anois ar fáil taobh istigh d'achar réamhsocraithe.

1.1 Treoirínte um Réiteach Scéime

Tá foráilte ag *Alt 12* an Achta go ndéanfaidh An tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán treoirínte um réiteach scéime a hullmhú agus go scaipfear seo i measc comhlachtaí poiblí chun cabhrú le hullmhú scéimeanna. Cuireadh an scéim seo i dtóil a chéile tar éis dul i gcomhairle le foireann agus páirtithe leasmhara ionadach. D'fhoilsigh An Foras fograí poiblí faoi *Alt 13* i Márta 2006, ag fáiltiú roimh dearcaidh aon pháirtí eile lena mbaineann, maidir le hullmhú na dreachtscéime faoi *Alt 11*.

Chuir aighneachtaí agus moltaí na bpáirtithe leasmhara seo leis an scéim. Cuireadh an fhoireann iomlán ar an eolas maidir leis na himpleachtaí a bhí le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Cuireadh fáilte freisin roimh aighneachtaí agus smaointí ón bhfoireann. Is mór ag An Foras an t-am agus an iarracht a caitheadh leis an bpróiseas uile.

Leagann an scéim seo amach na spriocanna atá aici féin don chéad tréimhse trí bliana agus léiríonn sí tosaíochtaí. Is iad bainistíocht sinsear An Fhorais a bheidh freagrach as monatóireacht agus athbhreithniú na scéime.

1.2 A bhfuil sa Scéim Teanga

Cuirtear seirbhísí ar fáil faoi láthair trí Bhéarla don chuid is mó. Tá líon teoranta foirne ag An Foras a bhfuil cumas labhartha Gaeilge acu agus líon níos lú fós a bhfuil cumas scríofa Gaeilge acu.

Is iad seo na tosaíochataí atá leis an scéim:

1. Cuir le cumas Gaeilge na foirne idir labhairt agus scríobh
2. Cuir leis an tuiscint atá ag an bhfoireann ar a bhfuil sa scéim agus ar fheidhm na scéime
3. Pleanáil chun cur le cumas Gaeilge na foirne ionas go mbeidh níos mó acu in ann fosraithe trí Ghaeilge a fhreagairt.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Tiocfaidh an scéim seo i bhfeidhm ar 10 Aibreán 2007 agus beidh i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana eile ón dáta seo nó go dtí go bhfuil scéim nua deimhnithe ag an Aire faoi *Alt 15 an Achta*, cibé acu sin is túsce a tharlóidh.

1.4 Léargas Ginearálta ar An Foras Riaracháin

1.4.1 An Foras

Is lárionad náisiúnta é An Foras Riaracháin, a bhfuil forbairt na gcleachtas is fearr maidir le riarachán poiblí agus bainistíocht poiblí mar aidhmeanna aige. Cuirtear ár gcláir in oiriúnt do fostaithe sa tseirbhís poiblí. Cuireann ár seirbhísí taighde agus foilsitheoireachta dearcadh eolach agus fóram díospóireachta ar fáil le haghaidh na seirbhísí poiblí.

Bunaíodh An Foras i 1957. Fostaithe díograsacha sa tseirbhís phoiblí a bhí sna bunaitheoirí, a d'áithin go raibh gá le cur chun cinn an léinn agus ardú caighdeán maidir le riarachán poiblí. Ba fostaithe aitheanta sa tseirbhís poiblí iad a bhunaitheoirí: bhí An Dr. Garret FitzGerald, a shínigh a airteagail chomhlachais, agus a bheadh ina Thaoiseach ina dhiaidh sin, ina measc. Bhí siad eolach ar mhúnlaí oideachais ón iasacht an Ecole Nationale d'Administration i bPáras mar shampla a raibh tionchar ollmhór aici ar uasaicme státseirbhís na Fraince agus ar riarachán poiblí na Fraince ina iomlán.

Thug na daoine fadradharcacha seo faoi dul i dteagmháil le bainisteoirí sinsearacha de chuid na hearnáile poiblí ag féachaint chuig fíis nua a fhorbairt don earnáil phoiblí. Thóg siad eagraíocht ar an bhfíis sin, eagraíocht a bhfuil beagnach 50 bliain slánaithe aici. De bharr a bhfuil bainte amach ag an eagraíocht agus de bharr ardchaighdeán na hoibre a rinne an fhoireann agus an bhainistíocht, tá talamh slán déanta agus An Foras mar ghníomhaireacht fhorbartha na hearnáile poiblí in Éirinn. Cuireann siad seirbhísí saineolacha ar fáil sna réimsí tábhachtacha seo; oideachas, foilsitheoireacht, taighde agus oiliúint.

Comhlact deonach a bhí in An Foras, rinneadh cuideachta faoi theorainn ráthaíochta as i 1963. Tá ballraíocht aonair ar fáil dóibh sin a bhfuil baint acu le nó suim acu i léinn an riarachán poiblí. Tá ballraíocht chorparáide ar fáil ag cumainn na hearnáile poiblí, ranna stáit, údaráis áitiúla, boird sláinte agus comhlachtaí reachtúla.

Feidhmíonn An Foras as 5 teach Seoirseach sraithe agus as Ionad Oiliúna agus Oideachais ar Bhóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4. Tá foirgnimh oifige eile lonnaithe i Halla Chnocan an imill (Vergemount Hall), Cluain Sceach - atá dhá mhíle ón bpríomhchampas. Tá an séú teach ceannaithe ar Bhóthar Lansdún chun leabharlann nua a thógáil ann agus talamh slán a dhéanamh den lóistín reatha.

Anois de bharr An Fhorais bíonn státseirbhísigh ó gach aon chuid den tír ag triail ar Bhóthar Lansdún chomh maith le mic léinn ó SAM, ón Eoraip ón Áis

agus ón Aifric. Agus mar a chéile bíonn foireann an Fhorais ag taisteal na tíre agus na cruinne ag tabhairt a sainseirbhísí leo.

1.4.2 Ráiteas ár bhFíse

An fhís atá ag An Foras ná:

Go dtabharfar aitheantas do An Foras mar gheall ar a thionchar leathan ar an earnáil phoiblí, agus mar gheall ar a gcuir sé le forbairt agus athnuachan earnáil poiblí na hÉireann.

Tá cóip de straitéis chorparáide An Fhorais ar fáil ach í a lorg nó is féidir í a íoslódáil ón suíomh gréasáin www.ipa.ie

1.4.3 Míneolas Maidir lenár Struchtúr agus lenár nEagraíocht

Seo thíos struchtúr An Fhorais:

An Bord

Bíonn suas go dtí ocht mball déag ar an mBord. Déantar iad seo a cheapadh de réir meabhrán agus airteagail comhlachais An Fhorais. Tagann an Bord le chéile uair in aghaidh na míosa agus is iad seo na príomhfheidhmeanna atá ag an mBord:

- bunchuspóir An Fhorais a shainmhiniú, a spriocanna straitéiseacha a shocrú agus forbairt a dhéanamh ar na polasaithe atá ag teastáil le go gcuirfear na spriocanna seo i gcrích;
- cinntiú go gcomhlíonann An Foras na freagrachtaí atá air mar a leagtar amach ina chuid rialacha rialta;
- chun ceannaireacht, fíis agus treoir a thabhairt do An Foras;
- bainistíocht mhaith a chinntiú, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn na bainistíochta, sócmhainní An Fhorais a chosaint agus cinntiú go bhfuil cothromaíocht cheart idir feidhmeanna na bainistíochta agus an Bhoird faoi seach;
- cuspóirí feidhmíochta a leagadh amach, príomhchuspóirí airgeadais san áireamh, agus go mór mór aontú leis an mbuiséad agus faireachán a dhéanamh air;
- ról An Fhorais sa phobal a shainmhiniú agus a chur chun cinn trí fhorbairt a dhéanamh ar shásanna le dearcaidh custaiméirí agus páirtithe leasmhara a fháil agus trí dhaoine a choinneáil ar an eolas ar bhealach oscailte agus freagrach; agus
- príomhfheidhmeannach a cheapadh agus aontú leis/léi maidir le cuspóirí feidhmíochta fad- agus gearrthéarmach.

Bunaíodh na coistí seo thíos chun tacú leis An mBord:

1. Coiste Riaracháin
2. Coiste Iniúcháireachta
3. Coiste Airgeadais agus Straitéise

An tUachtarán agus na Leasuachtaráin

Déanann An Bord an tUachtarán a mholadh agus déantar sin a dhaingniú ag CGB An Fhorais. Ceapachán trí bliana atá i gceist agus is féidir é/í a athcheapadh aon uair amháin eile. Déantar na leasuachtaráin a cheapadh ar an gcaoi chéanna.

Is é/í an tUachtarán atá freagrach as a bheith ina c(h)ataoirleach ar an CGB. É/í chomh maith atá freagrach as éisteacht le hachomhairc in aghaidh breitheanna an bhoird maidir le ball a dhíbirt ó An Foras.


Cathaoirleach

Déanann baill An Bhoird An Cathaoirleach a thoghadh, bíonn An Cathaoirleach freagrach as

- chinntiú go dtuigeann baill an bhoird a gcuid ról corparáideach agus na freagrachtaí atá orthu, agus go bhfuil siad éifeachtach i ngach aon réimse dá ról.
- chinntiú go bhfeidhmíonn an bord go héifeachtach agus go fónta ionas go gcaitear le gach aon ní ar an gclár gnó agus go dtabharfar iad chun críche;
- go dtugann an bord dóthain údarais dá choistí agus don phríomhfheidhmeannach ionas gur féidir leanúint ar aghaidh go héifeachtach le gnó na heagraíochta idir chruinnithe boird;
- go dtugtar deis cainte do gach aon bhall chun a dtuairimí a nochtadh sula ndéantar aon chinneadh tábhachtach, ag idirghabháil más gá; agus
- go bhfaigheann an bord comhairle phroifisiúnta nuair a theastaíonn sí.

Ard-Stiúrthóir

Déanann An Bord an tArd-Stiúrthóir a cheapadh, déanann an tArd-Stiúrthóir an bhainistíocht a stiúradh agus polasaithe agus cláir An Fhorais a chomhordú. Tugann a bhfuil ag plé le hOideachas, hOiliúint, Taighde, Foilseachán agus Caidrimh Chorparáideacha agus an fhoireann tacaíochta tuairisc don Ard-Stiúrthóir. Tá na socruithe tuairisce leagtha síos ar an gcéad leathnach eile:



1.4.4 Ranna *Oideachas*

Bhí soláthar seirbhísí oideachais don tseirbhís phoiblí mar bhunaidhm ag An Foras riamh. Tá cúrsaí bunchéime, dioplóma, agus teastais ar fáil ar bhonn cianfhoghlaim nó ar bhonn múinte san Ionad Oideachais agus Oiliúna ar Bhóthar Lansdún. Déantar cúrsaí iarchéime a reachtáil ar bhonn cianfhoghlaim ach seimineáir agus ranganna teagaisc a bheidh á reachtáil i mBaile Átha Cliath. Agus ag smaoineamh ar an tús beag a cuireadh leis An Foras is iontach an fás atá tagtha air, bronnadh teastais, dioplómaí agus céimeanna ar 1,000 mac léinn i 2005.

Tá An Foras ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil na hÉireann ó 2002. I 2004 osclaíodh Scoil Whitaker um Rialtas agus Bainistíocht, a thugann gníomhaíochtaí oideachais, taighde agus forbairt ghairmiúil le chéile ar bhealach sineirgiteach.

Taighde

Tá an t-aon acmhainn taighde um bhainistíocht phoiblí in Éirinn lonnaithe in An Foras. Is seirbhís thaighde chuimsitheach í, a bhfuil sí mar aidhm aici cúnaimh a thabhairt d'eagraíochtaí a gcumais fheidhme iomlán a bhaint amach. Déanaimid taighde feidhmeach ar bhonn coimisiúnaithe, ag obair go dlúth le cliant ag aimsiú na fadhbanna atá acu agus á réiteach go heolach chun difríocht a dhéanamh.

Leabharlann

Tá leabharlann bheag speisialaithe in an Foras, a sholathraíonn eolas, foinsí agus seirbhísí iasachtaithe do mhic léinn, baill agus baill foirne An Fhorais. Muna bhfuil cliant in ann teacht go dtí an leabharlann go pearsanta, is féidir ábhair a iarraidh le litir, facs, guthán nó r-phost. Is féidir teacht ar chatalóg leictreonach fhairsing An Fhorais ar an suíomh gréasáin: www.ipa.ie.

Foilsitheoireacht

Is é An Foras an t-aon foilsitheoir in Éirinn a bhfuil téacsanna ar an riarachán poiblí agus bainistíocht phoiblí mar speisialtacht aige. Caitheann na leabhair agus na tréimhseacháin againn le hanailís agus eolas ar réimsí a mbeadh suim ag fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus ag mic léinn bhainistíochta agus riaracháin poiblí iontu. Is acmhannaí úsáideacha iad na foilseacháin seo do pholaiteoirí, thráchtairí, leabharlanna agus eile ar spéis leo cúrsaí reatha na hÉireann. I measc na n-ábhar tá an eacnamaíocht, oideachas, rialtas agus polaitíocht, bainistíocht chúraim shláinte, gnóthaí idirnáisiúnta, dlí, rialtas áitiúil, cúrsaí reatha, bainistíocht acmhainní daonna, bainistíocht airgeadais agus gnóthaí sóisialacha.

Ballraíocht agus Caidrimh Chorporáideacha

Is é An Foras an comhlachas gairmiúil atá ag fostaithe sa tseirbhís poiblí. Déanann sé freastal ar a bhfuil sa státseirbhís, sna húdaráis áitiúla, sa tseirbhís sláinte, comhlachtaí stát-tionscanta, in earnáil an oideachais, sna Garda Síochána agus in Óglaigh na hÉireann. Athnaíonn an tseirbhís ballraíochta agus chaidrimh chorporáideacha againne na héilimh atá ar fostaithe agus ar eagraíochtaí sa tseirbhís phoiblí agus cuirimid tionscnaimh chun cinn a thugann tacaíocht dóibh agus iad ag caitheamh leis na héilimh seo. Coinnítear baill ar an eolas maidir le ceisteanna ar an mbainistíocht phoiblí trí fhaisnéisiú speisialta, ríomhnuachtlitir agus an iris Administration, gheobhaidh siad lascaíní ar foilseacháin agus ar seirbhísí eile. Téitear i gcomhairle le baill maidir le ceisteanna reatha a bhaineann leis an mbainistíocht phoiblí agus maidir le soláthar seirbhísí de chuid An Fhorais amach anseo. Tugann seo sá gairmiúil do An Foras. Tá 250 ball aonair agus 80 ball corparáideach faoi láthair.

Oiliúnt agus Forbairt

Cuireann Roinn Oiliúna agus Forbartha An Fhorais oiliúint, forás gairmiúil, sainchomhairliúchán, seimineáir agus comhdhálacha ar fáil do, agus atá dírithe ar, fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Oibríonn An Roinn le cliant i rialtas áitiúil, sa stáitseirbhís, sa tseirbhís sláinte agus san earnáil phoiblí chun scileanna nua agus inniúlachta nua a fhorbairt. Baineann an dearadh cláir againne úsáid as ceisteanna obairbhunaithe chun foghlaim agus forbairt a chur chun cinn. Comhcheanglaíonn saineolaithe againne saineolas i réimse ar leith (bainistíocht, acmhainní daonna, corais eolais, bainistíocht airgeadais nó forbairt phearsanta mar shampla) le tuiscint mhaith ar an earnáil phoiblí ina hiomlán. Déanann líon áirithe na foirne monatóireacht ar earnálacha ar leith agus cothaíonn siad deiseanna cainte, díospóireachta agus machnaimh i dtaobh ceisteanna cospóideacha.

- **An tAonad um Cheannaireacht agus Bhainistíocht:**

Cuireann cláir cheannaireachta, bhainistíochta, agus cláir um fhorbairt phearsanta ar fáil do gach aon chuid den earnáil phoiblí.

- **An tAonad um Seirbhísí Forbartha Acmhainní:**

Cuireann sain-oiliúint ghairmiúil agus úsáideora dheiridh ar fáil chun forbairt a dhéanamh ar chumais sna réimsí seo, bainistíocht airgeadais, corais eolais agus teicneolaíochta, agus bainistíocht acmhainní daonna.

- **An tAonad um Forbairt san Earnáil Ghnó:**

Cuireann sainbheartas, eolas, sainchomhairliúchán agus seirbhísí tacaíochta eile ar fáil do na hearnálacha seo a leanas, rialtas áitiúil, sláinte, rialtas láir, agus gníomhaireacht stáit. Cuireann saintacaíocht agus imeachtaí ar fáil le haghaidh daoine a bhfuí gairm oiliúna nó forbartha acu. Déanann comhordú ar seirbhísí margaíochta agus cuireann ionad ilfhreastail ar fáil do chliant ag dul i dteagmháil leis an roinn Oiliúna.

- **Seirbhísí Idirnáisiúnta**

Cuireann sainchomhairliúchán agus seirbhísí oiliúna ar fáil maidir le forbairt na hearnáile poiblí agus leasú an riarachán poiblí ag leibhéal idirnáisiúnta i measc na gcliant tá, An Roinn Gnóthaí Eachtracha, cláir An Choimisiúin Eorpaigh um

chúnamh, agus bronntóirí déthaobhach agus iltaobhach. Tá tairbhíthe in Oirthear agus i Lár na hEorpa, sna Balcáin agus san Afraic.

Ionad Oiliúna agus Oideachais

Osclaíodh Ionad Oiliúna agus Oideachais úrscothach sa Foras i Feabhra 2000. Tá an t-ionad lonnaithe in aice leis an stáisiún Mhearlíne Átha Cliath, ní i bhfad ó Droichead na Dothra. Le linn 2004 d'fhreastail 36,000 ar chúrsaí agus léachtaí san Ionad Oiliúna agus Oideachais.

- ***Ionad Oiliúna agus Oideachais - Áiseanna***

Tá an teicneolaíocht uathoibríthe is nua-aimseartha dá bhfuil ann ar fáil i ngach aon tseomra san Ionad.

Is féidir le hionad gnó An Ionad Oiliúna agus Oideachais freastal ar suas go ochtar. Tá réimse leathan seirbhísí ar fáil ann, rochtain Idirlín, fáil ar chatlóg fhairsing leictreonach agus áiseanna priontála/cóipeála ina measc.

Tá fáil ar theicneolaíocht gan sreang ar fud an fhoirgnimh. Síneann an líonra gan sreang seo amach go dtí na gairdíní tírdhreachaithe againne, ag ligean le cliaint dul ag fánaíocht agus a bheith ag scimeáil, agus iad ag baint úsáide as ár seirbhísí líonra uile. Tá fáil freisin ar áiseanna físchomhdhála, agus tacaíocht iomlán lena n-aghaidh mar go bhfuil fáil ar fhoireann theicniúil lánoilte.

Seirbhísí Corparáideacha

Tugann seirbhísí corparáideacha An Fhorais □ Acmhainní Daonna agus Airgeadas & Corais Eolais □ réimse leathan seirbhísí proifisiúnta agus is iad seo a chinntíonn gníomhaíochtaí lárnacha An Fhorais.

1.5 Custaiméirí agus Cliaint

Is iad mic léinn An Fhorais agus rannpháirtithe a chúrsaí príomhchustaiméirí An Fhorais. Tá dualgas airechais ar An Foras ina leith. Bíonn sé i dteagmháil le hinstiúidí agus gníomhaireachtaí oideachais eile, agus leis an bpobal i gcoitinne. Is iad seo bunchustaiméirí agus bunchliaint An Fhorais:

- An Státseirbhís
- Údarás Áitiúla
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- Comhlachtaí poiblí neamhthráchtála
- Ollscoil na hÉireann
- An Coiste um Thaighde Bainistíochta Poiblí
- An Bord um Seirbhísí Bhainistíocht Rialtais Áitiúla

Beidh an tiomantas do chaighdeán seirbhíse do chustaiméirí atá ag An Foras Riaracháin i bhfeidhm maidir le gach seirbhís bíodh an tseirbhís sin trí Ghaeilge nó trí Bhéarla.

1.6 Measúnú ar líon na Seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge cheana

An Fheidhm atá ag An Foras ná cúrsaí oiliúna agus oideachais a chur ar fáil chomh maith le taighde agus comhairleacht. Is trí Bhéarla a tugtar tromlach na gcúrsaí seo. Is amhlaidh a bheidh an scéal go ceann i bhfad. Tá An Foras tosaithe ag soláthair tacaíochta agus treorach do chomhlachtaí poiblí eile áfach, agus iad ag ullmhú le haghaidh cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha

Oifigiúla. Chuige sin tá dhá chlár á dtairiscint do chomhlachtaí na hearnáile poiblí chun tacú le forbairt seirbhísí sa dá theanga sna heagraíochtaí seo. Is iad

- Oiliúint ar Fheasacht Teanga (trí Bhéarla de gnáth). Cúrsa gairid lae nó leathlae, curtha le chéile chun impleachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla ar a n-eagraíocht a thaispeáint do fhostaithe.
- Sain-oiliúint Theanga (trí Ghaeilge). 30 uair oiliúna sa Ghaeilge ar a laghad a bheidh i gceist chun cabhrú le heagraíochtaí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú.

Leanfar leis na seirbhísí seo fad is go bhfuil éileamh inmharthana orthu.

Is é Sain-oiliúint Theanga an t-aon seirbhís a tugtar trí Ghaeilge fós. Leanfaidh An Foras Riaracháin áfach, ag obair le Foras Na Gaeilge, Gaeleagras na Seirbhísí Poiblí, An Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta agus le páirithe leasmhara eile chun cúrsaí sain-oiliúna a bheadh inmharthana ó thaobh na tráchtála de a sholáthair. Sa bhreis ar sin, tá fáiltithe ag An Foras Riaracháin roimh dearcaidh comhlachtaí poiblí i leith a bhfuil ag teastáil uathu sin maidir le hoiliúint na Gaeilge. Leanfaidh An Foras ag forbairt, ag dearadh, agus ag tabhairt sain-oiliúna agus chlár forbartha chun na riachtanais seo a chomhlíonadh.

Is í bliainiris An Fhoras Riaracháin a bharrshaothar. Inti tá eolaire a bhfuil gach eagraíocht de chuid na hearnáile poiblí agus cuideachta móra na hÉireann liostaithe ann, dialann agus eolas staitistiúil agus taighde. Tá ainmneacha na n-eagraíochtaí san earnáil poiblí sa dá theanga cheana . Tá laethanta agus míonna sa dialann i nGaeilge agus i mBéarla agus tá gluais úsáideach de théarmaí a bhaineann leis an earnáil poiblí sa dá theanga inti chomh maith. Coinneofar méid na Gaeilge sa bhliainiris agus breathnófar ar bhealaí chun cur leis an méid sin le linn na scéime.

Caibidil 2

Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí de chuid an Fhorais

Leagann an chaibidil seo an coras teangacha oifigiúla a bheidh á úsáid in An Foras amach maidir le soláthar ginearálta seirbhísí. I gcaibidil 3 déanfar amhlaidh do sholáthar seirbhísí/gníomhaíochtaí sna Ranna aonar éagsúla.

2.1 Bealaí Cumarsáide leis an bPobal/Eolas don Phobal

Faoi dheireadh na tréimhse atá i gceist leis an scéim seo, beidh fáil ar fhoirmeacha iarratais cineálacha i nGaeilge agus i mBéarla le haghaidh céimeanna, oiliúna, agus le haghaidh chlár forbartha. Leanfar leis an nós go dtabharfar sonraí na gcúrsaí sa teanga ina múintear iad. Ní déanfar bróisiúir a bhaineann le aon chúrsa a sholáthar ach amháin sa teanga ina mbeidh an cúrsa á theagasc

Cuirfear bróisiúir le chéile le linn shaol na scéime ag déanamh cur síos iomlán ar na seirbhísí atá ar fáil ón bhForas. Déanfaidh an bróisiúir foirmeacha iarratais An Fhorais a chomhlánú agus tabharfaidh sé eolas maidir le:

- Céimeanna, teastais agus dioplómaí
- Cláir oiliúna agus fhorbartha
- Cláir fhoilseachán
- Cláir thaighde.

Ag tosú ón dáta ara gcuirfear an scéim seo i bhfeidhm beidh sé de cheart ag cliant a scríobhann chuig An Foras i nGaeilge admháil agus/nó freagra a fháil i nGaeilge. Gheobhaidh siad seo faoin am céanna a thiocfadh a leithéid chucu i mBéarla. Ón dáta céanna ar aghaidh cuirfear aon chliant atá ar an nguthán mar chuairteoir agus atá ag iarraidh gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, ar aghaidh chuig oifigeach Gaeilge a thabharfaidh cúnaimh dóibh lena gceisteanna. Nuair a thuigeann An Foras gur mhaith le cliant gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, is i nGaeilge a bheidh gach aon chomhfhreagra, mar atá ceadaithe i mír (9)2 Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Agus tús curtha leis an scéim, eagráin iomlán dátheangach den thuarascáil bhliantúil agus den straitéis chorparáideach a bheidh ann as seo amach. Is i nGaeilge agus i mBéarla a bheidh aon óráid nó preaseisiúint a bhaineann le cúrsaí Gaeilge ó thús na scéime ar aghaidh.

2.2. Suíomh Gréasáin

Beidh eolas ginearálta ar fáil go dátheangach ar an suíomh gréasáin. Déanfar iarracht le linn na scéime seo cur leis an suíomh ionas go mbeidh an leagan Gaeilge chomh infheicthe céanna leis an leagan Béarla. Beidh na nithe seo fós i mBéarla amháin áfach;

- Comhphárteanna dírithe ar lucht léite idirnáisiúnta
- Comhphárteanna sainteicneolaíocha
- Cláir ríomhbhunaithe / cursaí nach bhfuil ar fáil ach amháin i mBéarla

2.3 Fograí ó bhéal agus cuairteoirí go dtí An Foras

Laistigh de thréimhse 3 mhí ó thús na scéime cinnteoidh An Foras go gcloífidh an fáilteoir nó an t-oibreoir lasc-chláir le gnáth-chaighdeáin seirbhís chustaiméara, is é sin

- Go bhfuil sé ar chumas na foirne fáilteoirí / oibreoirí lasc-chláir ainm na heagraíochta poiblí a thabhairt as Gaeilge.
- Go bhfuil ar a laghad cur amach acu agus taithí ar bheannachtaí bunúsacha as Gaeilge
- Go bhfuil socruithe oiriúnacha i bhfeidhm ionas go mbeidh siad in ann baill don phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó oifigeach atá freagrach as an seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge, nuair atá a leithéid ar fáil, nó deimhniú ar a laghad go mbeidh freagra ar fáil gan mórán moille.

Caibidil 3

Achoimre ar na Seirbhísí / Gníomhaíochtaí atá á Soláthar de réir Rannáin

3.1 Réamhléiriú

Déanann an chaibidil seo cur síos ar a bhfuil ann maidir le soláthar seirbhíse/ idirghníomhaíocht seachtrach in An Foras féin agus leis an bpobal i gcoitinne. Déanann sí cur síos ar a bhfuil á dhéanamh chun cloí leis an Acht, agus tugann na tosaíochtaí maidir leis an scéim seo.

Aithníonn An Foras go bhfuil de cheart ag cliaint seirbhísí trí Ghaeilge a lorg agus go ndéanfaidh sé a dhícheall, chun na hiarratais seo a éascú, ag brath ar impleachtaí inmharthanachta.

3.1.1 Tosaíochtaí na Scéime seo

Is iad seo na tosaíochtaí atá leis an scéim seo ná:

1. Cuir le cumas Gaeilge na foirne □ idir labhairt agus scríobh
2. Tuiscint a chothú i measc na foirne cad chuige an scéim seo agus cad atá inti
3. Plean a chur le chéile chun cur le cumas Gaeilge na foirne ionas go mbeidh tuilleadh baill foirne in ann ceistanna i nGaeilge a fhreagairt.

3.2 Roinn Oideachais

3.2.1 Iontrálacha fochéimithe agus iarchéimithe

Mic léinn ar mhian leo clárú le cláir oideachais, beidh rogha acu é sin a dhéanamh ag úsáid foirme as Ghaeilge fad is go mbeidh an scéim seo i bhfeidhm. Féach thuas faoi an mbeidh na leaganacha Béarla agus Gaeilge faoi aon chlúdach amháin.

3.2.2 An Leabharlann

Seo ar cheann de na tosaíochtaí chun seirbhísí dátheangach a fhorbairt do mhic léinn agus don fhoireann. Ar dtús beidh bileoga eolais ar fáil sa dá theanga agus faoi dheireadh na scéime beidh ball foirne in ann seirbhís duine le duine a chur ar fáil trí Ghaeilge ag amanna réamhshocraithe (scapaithe le linn na seachtaine), cuirfear seo in iúl do úsáideoirí.

3.3 Roinn Taighde

Agus tuairiscí taighde dírithe fós ar lucht an Bhéarla, leanfar leis an nós na tuairiscí taighde a bheith ar fáil i mBéarla amháin.

3.4 Roinn Oiliúna

Tugann Roinn na hOiliúna réimse seirbhísí teanga chuig an timpeallacht dhátheangach seo. Is féidir cláir ar Oiliúint ar Fheasacht Teanga a eagrú mar aon le sain-oiliúint theanga dírithe ar sheirbhís do chustaiméirí. Tá baill foirne ceaptha mar phointí teagmhála do chliaint ar mhian leo gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

3.5 Foilseacháin agus Caidrimh Chorparáideacha

Leanfar le foilsiú leabhar agus foilseacháin eile i mBéarla. Déanfar seimineáir a reachtáil i mBéarla agus beidh na bróisiúir a bhaineann leo sa teanga céanna.

3.6 Roinn Airgeadais agus Coras Eolais

Tá an Oifig Airgeadais freagrach as gach soláthar agus íocaíocht agus dá bharr sin déanann siad fógraíocht ar chonarthaí, soláthraíonn siad cáipéisí tairisceana, íocann siad as sonraisc, tuarastail agus ullmhaíonn na cuntais bhliantúla. Cloífead le nósanna fógraíochta mar atá sa reachtaíocht agus cinnteofar go mbeidh a cuid foirmeacha chaighdeánacha sa dá theanga. Faoi dheireadh na scéime beidh gach sonrasc a eisíonn An Foras Riaracháin dátheangach.

Agus ríomhchorais nua á suiteáil beidh siad comhoiriúnach sa dá theanga. Faoi dheireadh na scéime beidh seirbhísí tacaíochta ríomh-idirghníomhach ar fáil de réir a chéile :

fad is atá seirbhísí nua á gcur leo

fad is atá uasghrádú á dhéanamh ar na seanchinn

3.7 An tAonad um Acmhainní Daonna

Tá an t-aonad seo freagrach as folúntais foirne a fhógairt, táirgeadh foirmeacha iarratais, sonraí poist agus socrúithe maidir le hagallaimh. Tá sé freagrach freisin as leas agus smacht na foirne. Mar go ndéanann tromlach na gcliant a ngnó leis An Foras trí Bhéarla, is trí Bhéarla a bheidh agallaimh á reachtáil. Déanfar Curricula Vitae i nGaeilge a mheas ar chomhchéim le haon cheann i mBéarla.

Beidh an t-aonad um acmhainní daonna freagrach as an fhoireann a chuir ar an eolas maidir leis an scéim agus aon dualgais a thiocfaidh aníos dá bharr. Beidh cruachóipeanna ar fáil ón aonad um acmhainní daonna.

3.8 An tIonad um Thaighde Tithíochta

Tá an t-ionad freagrach as ullmhú taighde maidir le beartas tithíochta. Agus na tuarascálacha taighde dírithe ar dhaoine a bhfuil Béarla acu, leanfar leis an nós go gcuirfead ar fáil iad i mBéarla amháin.

3.9 Achoimre ar an bPlean um Chur i bhFeidhm na Scéime

Mar achoimre, tá An Foras tiomnaithe do na nithe seo a leanas le linn saolré na scéime:

Roinn	Gealltanais	Spriocdháta
Gach Roinn	Ainmniú bhall foirne mar phointe teagmhála maidir le fiosrúcháin Ghaeilge	Láithreach
	Bróisiúr seirbhísí	Deireadh na scéime 2009
Oideachas agus Oiliúint	Rogha clárú i nGaeilge nó i mBéarla ar Chláracha Oideachais/Oiliúna an Fhorais	Láithreach
Leabharlann	Bileoga eolais a bheith ar fáil go dátheangach sa Leabharlann	Deireadh na scéime 2009
Oiliúint	Cláir Oiliúna ar Fheasacht Teanga a thairiscint do chliant	Láithreach
	Oiliúint teanga oiriúnaithe chun seirbhísí custaiméirí a chur ar fáil do chliant	Láithreach
Foilseacháin & Caidrimh Chorporáideacha	Óráidí agus preaseisiúint maidir le cúrsaí Gaeilge a bheith ar fáil i nGaeilge	Láithreach
Airgeadas & Córais Eolais	Beidh seirbhísí tacaíochta ríomh-idirghníomhach ar fáil sa dá theanga de réir a chéile, fad is atá seirbhísí nua á gcur leo agus uasghrádú á dhéanamh ar na seanchinn.	Deireadh na scéime 2009
Acmhainní Daonna	Caitheamh le CV Gaeilge mar a chéile le CV Béarla	Ó fheidhmiú na Scéime
	Baill foirne nua a chur ar an eolas maidir leis an scéim agus na dualgais a bhaineann léi	Láithreach

Caibidil 4

4.1 Feabhsú ar Sheirbhísí Tacaíochta

Tá líon áirithe de fhoireann An Fhorais a bhfuil cumas Gaeilge réasúnta acu. Cuirfear áfach, le líon na foirne atá in ann seirbhísí a sholáthair sa dá theanga. Chuige seo, cuirfear oiliúint dian ar fáil le linn na scéime seo chun cumais Ghaeilge a ardú in An Foras.

4.2 Earcaíocht

Beidh tionchar ag na dualgais atá ar An Foras de réir an Achta ar earcú foirne An Fhorais. Beidh seo amhlaidh go mór mór i réimsí rúnaíochta, fáiltithe agus i gcásanna eile ar leith a mbeidh riachtanas Gaeilge. Cuirfidh An tAonad Acmhainní Daonna na nithe seo a leanas i bhfeidhm ionas go bhfostófar agus go gcoinneofar dóthain daoine a bhfuil cumas Gaeilge acu le freastal ar na riachtanais a thagann ó ghealltanais na Scéime:

- Tógfaidh boird agallaimh cumas Gaeilge san áireamh agus iad ag meas oiriúnacht iarrthóra le haghaidh postanna cuí in An Foras.
- Forbairt a dhéanamh ar chumas Ghaeilge na mball foirne a bhfuil cumas feidhmeach sa teanga acu cheana. Déanfar cúram ar leith de na ranna nach bhfuil mórán Gaeilge iontu.

Coinneofar gach earcach nua ar an eolas maidir le deiseanna a thíocfaidh aníos chun cur lena c(h)umas sa Ghaeilge.

4.3 Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá tiomantas leanúnach tugtha ag An Foras chun oiliúint chuif a chur ar fáil dá chuid fostaithe agus tacaíonn sé le forbairt na foirne uile. Oibreoidh An tAonad Acmhainní Daonna leis an bhfoireann chun:

- Oibrithe deonacha a lorg in An Foras chun seirbhísí a chuir ar fáil & cúnaimh a thabhairt i gcur i bhfeidhm na scéime agus acmhainn (foclóirí 7rl.) a sholáthar do na baill foirne atá i gceist.
- Roghanna oiliúna a phlé le baill foirne a bhfuil suim acu iontu agus cláir forbartha a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Phlean Chorpáraideach An Fhorais.
- Forbairt a dhéanamh ar chúrsaí Gaeilge inmheánacha breise, ag brath ar éileamh agus ar chúrsaí airgid, ag leibhéil chumais éagsúla. Beidh an bhéim ar scileanna cumarsáide, ach tabharfar aird freisin ar scríobh na Gaeilge. Beidh an cúrsa curtha in oiriúint don ionad oibre agus béim dá réir ar théarmaíocht riaracháin mar shampla. Breathnófar freisin más féidir cúrsaí a reachtáil i rith an lae nó ag am lóin.
- Fónamh a bhaint as cúrsaí oiliúna agus feasachta teanga an Fhorais féin ag brath ó am go chéile sa réimse seo ar eagrais seachtracha freisin.
- Oiliúint ar fheasacht teanga a bheith mar chuid dlíonduchtú na n-earcach nua gach bliain.
- Aitheantas mar is ceart a thabhairt le haghaidh cúrsaí a rinneadh.

Caibidil 5

Monatóireacht agus Athmheas

Beidh feidhm chríochnúil na scéime faoi mhonatóireacht leanúnach ag An nGrúpa Ardbhainistíochta san Fhoras. Déanfar cur síos ar aon dul chun cinn sa tuarascáil bhliantúil. Is faoi Cheannairí na Rann go príomhá a bheidh an fheidhm mhonatóireacht laethúil. Beidh siadsan freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime ina ranna féin. Tabharfaidh ball foirne tacaíocht dóibh, ag feidhmiú mar phríomhphointe teagmhála má thograíonn cliant gur mhaith leo gnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Caibidil 6

Déanamh Poiblíochta ar an Scéim Aontaithe

Déanfar a bhfuil sa scéim seo agus a mbaineann léi a fhógairt don phobal ar na bealaí seo a leanas:-

- Preaseisiúint;
- Seoladh Oifigiúil na Scéime;
- Fógraíocht forálacha;
- Scaipeadh i measc gníomhaireachtaí cuí agus comhlachtaí poiblí;
- Suíomh gréasáin.

Cuireadh cóip den scéim seo ar aghaidh chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla chomh maith.